



**Imlitir 0013/2014**

**Chuig: Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna)**

**Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington) agus an tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2013**

**Forfheidhmiú ar ailt 2.24 agus 2.25 de Chomhaontú Bhóthar Haddington don Fhoireann uile seachas Múinteoirí agus CRSanna fostaithe ag BOOanna.**

1. Is í aidhm an hImlitreach seo ná Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna a chur ar an eolas faoi shocruithe don fhorfheidhmiú ar ailt 2.24 agus 2.25 de Chomhaontú Bhóthar Haddington (HRA) maidir le foireann (seachas múinteoirí agus CRSanna) ar thuarastail idir €35,000 agus €65,000 (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) a bhfuil an pointe deiridh ar an scála incriminteach sroichte acu cheana féin nó a shroichfidh an pointe deiridh ar an scála incriminteach roimh 31 Nollaig 2015. Tá imlitreacha ar leith eisithe ag plé le forfheidhmiú na bhforálacha seo maidir le Múinteoirí agus CRSanna araon.
2. Is é an dáta éifeachtúil d'fhorfheidhmiú na mbeart seo ná 1 Iúil 2013 ag teacht le forálacha an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013 agus Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington), ag féachaint d'alt 7 den Acht.
3. Chun críocha na hImlitreach seo, glactar leis gurb é is ciall le tuarastal ná tuarastal a chuimsíonn liúntais i nádúr pá ar liúntais inphinsin seasta tréimhsiúla iad.
4. Beidh forálacha na hImlitreach seo i bhfeidhm ar roinnteoírí oibre nó ar oibríthe páirtaimseartha ar bhonn pro-rata lena gcomparadóir coibhéise lánaimseartha (FTE).
5. Ní bhaineann an fhoráil seo ach leis na gráid sin a bhfuil liúntas 24 lá nó níos mó in aghaidh na bliana de shaoire bhliantúil agus saoire ghaolmhar. Chun críocha na forálach seo, meastar gurb iad laethanta saoire bliantúla iad na laethanta saoire bliantúla agus gaolmhara (m.sh. laethanta seirbhíse) uile.
6. Ní bhaineann an fhoráil seo le fostaithe atá ar thuarastail pointe shingil.

7. Ba chóir a nótáil, má tá incrimintí fadseirbhíse (LSIanna) i bhfeidhm, go meastar gurb í an LSI deiridh an pointe deiridh ar an scála incriminteach chun na críocha seo.
8. Mura bhfuil aon treoir ón bhfostaí malairt modhanna ranníocaíochta airgid a roghnú, is é an seasamh réamhshocraithe ná go **laghdófar** an liúntas saoire bliantúla don fhostaí ábhartha. Beidh fostaithe faoi réir ag an laghdú sa saoire nó is féidir leo asbhaint ón tuarastal a roghnú. Tá na roghanna seo comheisiatach feadh téarma HRA. Beidh iarratais ar níos mó na 2 lá den asbhaint a bheith tógtha in aon bhliain ar leith faoi réir ag cead ón mbainistíocht áitiúil, ag féachaint d'Alt 7 den Acht um Eagrú Ama Oibre i dtéarmaí na dteidlíochtaí íosta reachtúla atá ag fostaí.
9. Don fhoireann sin ar thuarastail idir €35,000 agus €65,000 (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá), beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm:

**9.1 Baill foirne a shroich an pointe deiridh ar an scála incriminteach roimh 2013 nó le linn 2013:**

- Laghdú de 6 lá de shaoire bhliantúil, nó
- Asbhaint airgid ón tuarastal de shuim is ionann le luach 6 lá de shaoire bhliantúil, nó
- Asbhaint airgid ón tuarastal de shuim is ionann le glanluach leath den incrimint is déanaí (asbhaint airgid le ríomh faoi réir ailt 4 thíos).

**9.2 Baill foirne a shroicheann an pointe deiridh i 2014:**

- Laghdú de 4 lá de shaoire bhliantúil, nó
- Asbhaint airgid ón tuarastal de shuim is ionann le luach 4 lá de shaoire bhliantúil, nó
- Asbhaint airgid ón tuarastal de shuim is ionann le glanluach thrí den incrimint is déanaí (asbhaint airgid le ríomh faoi réir ailt 4 thíos).

**9.3 Baill foirne a shroicheann an pointe deiridh i 2015:**

- Laghdú de 2 lá de shaoire bhliantúil, nó
- Asbhaint airgid ón tuarastal de shuim is ionann le luach 2 lá de shaoire bhliantúil, nó
- Asbhaint airgid ón tuarastal de shuim is ionann le glanluach cheathrú den incrimint is déanaí (asbhaint airgid le ríomh faoi réir ailt 4 thíos).

**Eolas maidir le Ranníocaíochtaí Tuarastail:**

10. Bainfear na ranníocaíochtaí airgid ón nglantuarastal sna cásanna uile (i.e. glan ar asbhaintí reachtúla lena n-áirítear Cáin agus Á.S.P.C., Asbhaintí a Bhaineann le

Pinsean srl.) Dá réir sin, déanfar ranníocaíochtaí asbhaintí a ríomh ar an oll-luach agus a laghdú faoi 62%.

11. Is ionann na ranníocaíochtaí atá ráite le déanamh ón tuarastal agus an ranníocaíocht iomlán atá de dhíth faoin bhforáil seo do théarma Chomhaontú Bhóthar Haddington (go dtí Iúil 2016).
12. Baileofar an asbhaint airgid ón tuarastal ar bhonn céimnithe thar 12 mhí.
13. Déan cinnte, le do thoil, go dtugtar cóipeanna den Imlitir seo chuig an BOO agus go dtarraingítear aird na foirne ar fad, seachas Múinteoirí agus CRSanna, atá fostaithe agat, iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta san áireamh, ar ábhar na hImlitreach seo.
14. Is féidir an Imlitir seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi <http://www.education.ie> .

**Ba chóir téarmaí na himlitreach seo a choimeád do chúiseanna iniúchta.**

Matthew Ryan  
Príomhoifigeach  
Rannóg Airgeadais/Riaracháin/Pearsanra CGO  
31 Eanáir 2014